

- |    |  |   |
|----|--|---|
| 1. | Cad a rinne tú an tseachtain seo?<br><i>Bhí mé ag ...</i><br><i>Chuaigh mé go (dtí an) ...</i><br><i>Chonaic mé ...</i><br><i>D'ith mé ...</i> | What did you do this week?<br><i>I was at ...</i><br><i>I went to (the) ...</i><br><i>I saw ...</i><br><i>I ate ...</i> |
| 2. | An raibh lá saoire agat inné? An ndearna tú aon rud faoi leith?  | Did you have a holiday yesterday? Did you do anything special?  |
| 3. | An raibh tú in áit a thaitin go mór leat?  | Were you in a place that you really enjoyed?  |
| 4. | An raibh tú riamh in áit a chur imní nó eagla ort?   | Were you ever in a place that worried or scared you?  |

**Paloma (Pól Ó Muirí)**

**Paloma**

- |     |  |   |
|-----|--|---|
| 1.  | Caibidil 1 (a haon) – Ar Patról  | Chapter 1 – On Patrol   |
| 2.  | Nod don léitheoir: Is bleachtaire sa Gharda Síochána í Paloma Pettigrew.                     | Note to the reader: Paloma Pettigrew is a detective in the Garda Síochána.            |
| 3.  | Tá sí ar patról.   | She is on patrol.   |
| 4.  | Leanann sí Mac Giolla, mangaire drugaí, trí shráideanna Bhaile Átha Cliath.                  | She follows Mac Giolla, a drug dealer, through the streets of Dublin.                 |
| 5.  | Cad é atá ar siúl aige?  | What is he up to?   |
| 6.  | Bhí Paloma Pettigrew ag siúl go réidh fadálach.  | Paloma Pettigrew was walking slowly and steadily.                                     |
| 7.  | Bhí sí ag déanamh a díchill gan aird a tharraingt uirthi féin.                               | She was doing her best not to draw attention to herself.                              |
| 8.  | Stop an fear roimpi. Stop sise.  | The man in front of her stopped. She stopped.   |
| 9.  | D’amharc sé isteach ar fhuinneog siopa.  | He looked into a shop window.   |
| 10. | Bhí sé ag breathnú go dian ar na hearraí a bhí san fhuinneog.                                | He was looking intently at the goods that were in the window.                         |
| 11. | D’amharc sise isteach ar fhuinneog an tsiopa a bhí in aice léi.                              | She looked into the window of the shop that was next to her.                          |
| 12. | Bhí fóin phóca ar díol ann.  | There were cellphones on sale there.  |
| 13. | Bhí gach sórt fóin ann.  | There was every kind of phone.  |
| 14. | Bhí cuid de na fóin chomh beag sin go mbeadh eagla ort go gcaillfeá iad, a smaoinigh sí.     | Some of the phones were so small that you would be afraid to lose them, she thought.  |
| 15. | D’amharc sí go staidéartha orthu ach, ag an am céanna, choinnigh sí súil ghéar ar an fhearr. | She looked studiously at them, but at the same time, she kept a sharp eye on the man. |

- |     |  |   |
|-----|--|---|
| 16. | Bhí an chuma air nach raibh deifir ar bith air.                      | He appeared to not be in any hurry.                                 |
| 17. | Bhí sé ag stánadh isteach ar an fhuinneog go fóill.                  | He was still staring into the window.                               |
| 18. | Rinne sé moill bheag eile agus ansin chuaigh sé ar a bhealach arís.  | He delayed a bit more and then he went on his way again.            |
| 19. | Lig sí osna. Ní fhaca sé í.  | She sighed. He didn't see her.                                      |
| 20. | Ní fhaca go fóill ar aon nós. Go maith.                              | Not yet, anyways. Good.   |
| 21. | Rinne sí féin moill bheag sular lean sí é.                           | She herself delayed a bit before she followed him.                  |
| 22. | Go réidh fadálach gan aird a tharraingt uirthi féin.                 | Slow and steady, without drawing attention to herself.              |
| 23. | Bhí inní uirthi. Bhí inní i gcónaí uirthi ar ócáidí den chineál seo. | She was worried. She was always worried on occasions of this kind.  |
| 24. | Bhí sé an-tábhachtach céanna nach bhfeicfeadh an t-amhrasán tú.      | It was really important that the suspect would not see you.         |
| 25. | Dá bhfeicfeadh, bheadh an cluiche cailte.                            | If he would, the game would be up.                                  |
| 26. | D'éalódh sé leis agus bheadh deireadh leis an chás.                  | He would flee and the case would be over.                           |
| 27. | Dá mbeadh deireadh leis an chás, ní bheadh an cigire sásta.          | If the case was over, the inspector would not be happy.             |
| 28. | Mura mbeadh an cigire sásta, ní bheadh an sáirsint sásta.            | If the inspector wouldn't be happy, the sergeant wouldn't be happy. |
| 29. | Mura mbeadh an sáirsint sásta, bheadh daor uirthi féin.              | If the sergeant wouldn't be happy, it would go hard on her.         |
| 30. | Thiocfadh léi é a chluinstin: "Rinne tú praiseach den chás.          | She could hear him: "You made a mess of the case.                   |
| 31. | Deir tú gur bleachtaire tú. Amaidí.                                  | You say you're a detective. Nonsense.                               |
| 32. | Níl ionat ach girseach bheag.  | You're just a little girl.  |

33. Níor chóir dom muinín a chur ionat. I shouldn't have trusted you.
33. Níor chóir dom tú a ligint amach as an oifig. I shouldn't have let you out of the office.
34. Bleachtaire?! Seafóid. Imigh leat amach as mo radharc.” A detective?! Nonsense. Get out of my sight.”

**Ceisteanna**

**Questions**

1. Cá bhfuil Paloma ag obair? Where does Paloma work?
2. Cén post atá aici? What is her job?
3. Cad atá sí ag déanamh? What is she doing?
4. Cén fáth go bhfuil Paloma ag siúl go mall? Why is Paloma walking slowly?
5. Cén fáth gur stop Paloma? Why did Paloma stop?
6. Cad a bhí sa siopa in aice léi? What was in the shop next to her?
7. Cén fáth go raibh inní ar Phaloma? Why was Paloma worried?
8. An duine deas é a sáirsint, meas tú? Do you think her sergeant is a nice person?
9. An bhfuil aithne agat ar bhleachtaire? Do you know a detective?
10. An maith leat coirscéalta? Do you like crime stories?
11. An bhfuil suim agat sa dlí nó an ndearna tú staidéar air? Are you interested in law or did you study it?
12. An raibh tú ar giúiré riamh? Were you ever on a jury?